Tithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas

Seirbhís Thithe an Oireachtais

Dréachtscéim Teanga

2018

Ullmhaithe ag: Rannóg an Aistriúcháin

Clár

Réamhrá

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003……..……...……3

Aighneachtaí ón bPobal…...…….……..…3

Ábhar na Scéime Teanga…….……...……3

Straitéis na Gaeilge……..……...….……...4

Seirbhís Thithe an Oireachtais - Gealltanais na Scéime Teanga

A An Teach agus na Comhaltaí……..5

B Úsáid na Gaeilge a Spreagadh……5

C Comhfhreagras……...6

D Bileoga Faisnéise / Foirmeacha Iarratais / Póstaeir……....6

E Preaseisiúintí……..6

F Fógraí Béil / Cumarsáid Ghutháin ……...……..6-7

G An Suíomh Gréasáin……..7

H Córais Ríomhaireachta agus Seirbhísí Idirghníomhacha……...7

I Comharthaíocht……..7

J An tAonad Cumarsáide…….....8

K Oiliúint agus Forbairt……8

L Aonad an Mhaoirseora……8-9

M Acmhainní Daonna……...…….9

N Tiontuithe Oifigiúla ar Achtanna an Oireachtais……...9

O Aiseolas agus Athbhreithniú……..9

Réamhrá

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Foráiltear le halt 11 den Acht go ndéanfaidh comhlachtaí poiblí Scéim reachtúil a ullmhú ina sonrófar na seirbhísí a sholáthróidh siad trí mheán na Gaeilge, trí mheán an Bhéarla agus go dátheangach.

Is é an aidhm atá le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chinntiú go mbeidh seirbhísí ar fáil don phobal trí mheán na Gaeilge agus go mbeidh na seirbhísí sin ar ardchaighdeán.

Tá Seirbhís Thithe an Oireachtais (STO) tiomanta dá hoibleagáidí reachtúla go léir faoin Acht agus, ag eascairt as na hoibleagáidí sin, tháinig an chéad Scéim Teanga (a ullmhaíodh de réir alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003) i bhfeidhm sa bhliain 2012. Rinneadh athbhreithniú inmheánach ar an scéim sin agus chabhraigh torthaí an phróisis sin chun an dara scéim a fhorbairt.

Aighneachtaí ón bPobal

Foilsíodh fógra faoi ar www.tuairisc.ie agus ar shuíomh gréasáin Thithe an Oireachtais an 15 Samhain 2017, de réir alt 13 den Acht, inar cuireadh fáilte roimh aighneachtaí ó aon pháirtithe leasmhara i ndáil le Dréachtscéim Teanga a ullmhú faoi alt 11 den Acht. Cuireadh preaseisiúint dhátheangach amach freisin.

Fuarthas aighneachtaí ón bpobal agus cuireadh na haighneachtaí sin i gcuntas agus an scéim á dréachtú. Iarradh ar Theachtaí Dála agus ar Sheanadóirí freisin a gcuid tuairimí a chur in iúl agus cuireadh a n-aighneachtaí san áireamh sa Scéim nua freisin.

Is é is cuspóir don Scéim nua leanúint ar aghaidh leis na gealltanais a leagadh amach sa bhunScéim agus cur leis na gealltanais sin de réir a chéile.

Ábhar na Scéime Teanga

Leis an Scéim, tógtar ar sheirbhísí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge faoi láthair i Seirbhís Thithe an Oireachtais. Déantar réimsí ina gcuirfear leis an tseirbhís a sholáthraíonn STO trí mheán na Gaeilge a leagan amach sa Scéim nua.

Dáta Tosaigh na Scéime

Tá an scéim seo deimhnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tosnóidh an scéim seo le héifeacht ón 01 Lúnasa 2018 agus fanfaidh i bhfeidhm go ceann tréimhse 3 bliana ón dáta seo nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire de bhun *Chuid 15* den Acht, cibé acu is déanaí.

Straitéis na Gaeilge

Mar aon le seirbhísí a sholáthar don phobal trí mheán na Gaeilge, tá Seirbhís Thithe an Oireachtais tiomanta d'atmaisféar dearfach, fáilteach don Ghaeilge a chothú agus a spreagadh i gcoitinne sa tSeirbhís. Chuige sin, d'fhorbair an tSeirbhís Straitéis na Gaeilge agus cheadaigh Coimisiún Thithe an Oireachtais í go luath sa bhliain 2018.

Is é an aidhm atá leis an Straitéis úsáid na Gaeilge a spreagadh agus a éascú i measc na gComhaltaí agus na foirne i gcoitinne ar shlí thairbheach dhearfach.

I dteannta ár ngealltanas faoin Scéim Teanga, tá sé mar chuspóir againn leis an Straitéis deiseanna a chur ar fáil do chách an Ghaeilge a úsáid agus taitneamh a bhaint aisti, gan beann ar an inniúlacht atá acu inti.

Beidh an Straitéis i bhfeidhm i dteannta Scéim Teanga Sheirbhís Thithe an Oireachtais agus beidh sí á feidhmiú go comhthreomhar leis an Scéim sin.

Sheol an Ceann Comhairle, Seán Ó Fearghaíl, TD, *Straitéis na Gaeilge* an 28 Márta 2018.

Seirbhís Thithe an Oireachtais

An Scéim Teanga, 2018

Gealltanais

A An Teach agus na Comhaltaí

1. Cuirfear bileog faisnéise ar fáil do na Comhaltaí agus dá bhfoireann maidir leis na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge.
2. Beidh an teicneolaíocht le haghaidh an aistriúcháin chomhuainigh (ateangaireacht) ar fáil sna seomraí coiste ar fad.
3. Cuirfidh an Rannóg um Sheirbhísí do Chomhaltaí foirmeacha éilimh i nGaeilge ar fáil do Chomhaltaí.
4. Gheobhaidh na Comhaltaí fógraí rialta chun a mheabhrú dóibh go bhfuil seirbhís comhfhreagrais ar fáil dóibh, arna soláthar ag Rannóg an Aistriúcháin.
5. Beidh 'litreoir leictreonach' Gaeilge ar fáil do Chomhaltaí chun a gcuid oibre sa Ghaeilge a éascú.
6. Soláthrófar liostaí téarmaíochta le haghaidh gach Bille Rialtais ar leithligh do Chomhaltaí agus do na meáin chun díospóireachtaí sna Tithe trí mheán na Gaeilge a éascú.
7. Soláthrófar liostaí téarmaíochta do Chomhaltaí agus do na meáin chun díospóireachtaí ginearálta trí mheán na Gaeilge a éascú.

B Úsáid na Gaeilge a Spreagadh

8. Cruthófar leabharlann Ghaeilge, *Taisce na Leabhar*, chun cuidiú le Comhaltaí agus leis an bhfoireann a gcuid scileanna léitheoireachta Gaeilge a fheabhsú. Leagfar béim ar leith ar leabhair d'fhoghlaimeoirí fásta.
9. Eagrófar clár d'imeachtaí sóisialta Gaeilge le haghaidh Comhaltaí agus na foirne. Beidh béim go príomha ar imeachtaí dátheangacha agus ar imeachtaí dóibh siúd nach bhfuil acu ach an *cúpla focal.*
10. Cuirfear acmhainní Gaeilge agus deiseanna comhrá Gaeilge ar fáil ar champas an Oireachtais mar imeachtaí rialta. Ag brath ar an gcóiríocht a bheith ar fáil chuige, féadfar *Seomra na Gaeilge* a chur ar fáil mar sheomra ar leith a bheidh dírithe ar dheiseanna a chur ar fáil do Chomhaltaí agus don fhoireann rochtain a fháil ar acmhainní Gaeilge agus an teanga a labhairt.

C Comhfhreagras

11. Déanfaidh STO comhfhreagras a thionscnamh i nGaeilge le daoine nó comhlachtaí arb eol gur fearr leo comhfhreagras as Gaeilge.

12. Cuirfear an teachtaireacht chaighdeánach seo a leanas ar litreacha agus i ríomhphoist lena ndéanfar fáilte a chur go sonrach roimh chomhfhreagras as Gaeilge:
'Cuireann Seirbhís Thithe an Oireachtais fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge.'

13. Déanfar tagairt shonrach d'fháilte a bheith ann roimh úsáid na Gaeilge a chur isteach in aon stáiseanóireacht nua.

14. Úsáidfidh STO logainmneacha oifigiúla na limistéar Gaeltachta, arna ndearbhú ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, i gcumarsáidí leis an bpobal i gcoitinne.

15. Cinnteoidh Aonad Cumarsáide an Oireachtais go mbeidh an comhfhreagras go léir a eisítear chuig scoileanna mar chuid den chlár Oideachais eisithe sa dá theanga oifigiúla.

D Bileoga Faisnéise / Foirmeacha Iarratais / Póstaeir

16. Soláthrófar bileoga faisnéise, póstaeir agus foirmeacha iarratais i bhformáid dhátheangach laistigh den chlúdach céanna.

17. Leanfaidh STO leis an bpróiseas maidir le gach ábhar den sórt sin atá ann cheana féin, agus a bhfuil úsáid á baint as i gcónaí, a aistriú de réir a chéile, d'fhonn an t-ábhar sin a chur ar fáil i bhformáid dhátheangach.

E Preaseisiúintí

18. Beidh 10% ar a laghad de na preaseisiúintí nua a eiseofar ar fáil sa dá theanga oifigiúla (méadú 5% ón scéim dheireanach).

F Fógraí Béil / Cumarsáid Ghutháin

19. Freagróidh oibritheoirí lasc-chláir STO an guthán trí ainm STO nó an aonaid / na hoifige a lua as Gaeilge agus as Béarla.

20. Cinnteoidh STO go mbeidh na bunbheannuithe Gaeilge ar eolas ag foireann an lasc-chláir.

21. Déanfar liosta de chomhaltaí foirne ar féidir leo seirbhís a sholáthar trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil don fhoireann lasc-chláir agus déanfar athbhreithniú agus nuashonrú ar an liosta sin ar bhonn bliantúil.

22. Cuirfear socruithe cuí ar bun ionas gur féidir leis an bhfoireann lasc-chláir daoine den phobal i gcoitinne a chur i dteagmháil, gan mhoill, le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís atá ag teastáil a thairiscint trí mheán na Gaeilge.

23. Cuirfear treoir ar fáil don fhoireann maidir le glaonna gutháin a láimhseáil ó chainteoirí Gaeilge i measc an phobail i gcoitinne.
24. Beidh na fógraí réamhthaifeadta go léir sna hardaitheoirí dátheangach.
25. Spreagfar na Comhaltaí agus an fhoireann chun a gcuid teachtaireachtaí gutháin réamhthaifeadta agus a sínithe ríomhphoist a chur ar fáil go dátheangach. Cuirfear téacs ar fáil le haghaidh na sínithe agus le haghaidh an bheannaithe réamhthaifeadta araon. Soláthrófar seirbhís taifeadta le haghaidh na dteachtaireachtaí gutháin, má iarrtar a leithéid.
26. Beidh na teachtaireachtaí glórphoist go léir ar ghutháin dheasc fiosrúcháin lárnach na Seirbhíse Leabharlainne agus Taighde ar fáil sa dá theanga oifigiúla.
27. Beidh an glórphost réamhthaifeadta ar Dheasc Chabhrach TFC ar fáil sa dá theanga oifigiúla.

G An Suíomh Gréasáin

28. Beidh an t-ábhar statach ar fad ar shuíomh gréasáin an Oireachtais dátheangach agus beidh aon nuashonrú ar an ábhar sin as seo amach dátheangach.
29. Deiseofar aon naisc bhriste i leaganacha dátheangacha d'ábhar ar an suíomh ar bhonn tosaíochta nuair a chuirtear an tSeirbhís ar an eolas fúthu.

H Córais Ríomhaireachta agus Seirbhísí Idirghníomhacha

30. Cinnteoidh an tAonad TFC go mbeidh comhoiriúnacht iomlán ann ó thaobh na Gaeilge de san aistriú go dtí Outlook agus sna córais ríomhaire go léir sa tSeirbhís a bhíonn á n-úsáid ag Comhaltaí agus ag an bhfoireann i gcoitinne.
31. Déanfar seirbhísí idirghníomhacha a chur ar fáil go dátheangach. An t-aon seirbhís idirghníomhach atá ar fáil faoi láthair ná achainí a dhéanamh leis an gCoiste Achainíocha.
32. Taispeánfaidh na scáileáin faisnéise go léir lasmuigh de na Seomraí Coiste i dTeach Laighean 2000 teachtaireachtaí go dátheangach.

I Comharthaíocht

33. Eiseofar fógra go tráthrialta chuig na rannóga go léir sa tSeirbhís chun a mheabhrú dóibh go gceanglaítear faoin Scéim seo gach comhartha agus fógra atá dírithe ar an bpobal a thaispeáint go dátheangach.
34. Déanfar iniúchadh ar na comharthaí ar fad ar champas an Oireachtais ar bhonn bliantúil agus ceartófar botúin.

J An tAonad Cumarsáide

35. Cuirfear litreacha i bhformáid dhátheangach chuig gach meánscoil maidir leis an gClár Oideachais. Is féidir gach gné den chlár a sholáthar trí mheán na Gaeilge.

36. Beidh na Pleananna Ceachta a chuirfidh an tOifigeach Oideachais ar fáil sa dá theanga oifigiúla.

37. Déanfaidh STO gníomhaíochtaí trí mheán na Gaeilge a eagrú le haghaidh príomhócáidí poiblí – an Oíche Chultúir, mar shampla.

38. Cinnteoidh STO go mbeidh an Ghaeilge lárnach sna Comórthaí Céad Bliain ar an gCéad Dáil i mí Eanáir 2019 agus in imeachtaí eile i rith na bliana sin.

39. Bunófar naisc le stáisiúin raidió Ghaeilge trí chraoltaí raidió ón Oireachtas, a mbeidh Comhaltaí agus comhaltaí foirne páirteach iontu.

40. Scrúdóidh an tSeirbhís na réitigh theicniúla maidir le fotheidil dhátheangacha a sholáthar ar Oireachtas TV agus an cuspóir ann iad a chur ar fáil, más féidir ó thaobh na teicneolaíochta de.

K Oiliúint agus Forbairt

41. Eiseoidh an tAonad Oiliúna tuairiscí rialta uasdátaithe maidir le cúrsaí foghlama Gaeilge agus deiseanna foghlama Gaeilge eile.

42. Tabharfar spreagadh don fhoireann páirt a ghlacadh in oiliúint sa Ghaeilge.

43. Áireoidh STO feasacht teanga mar chuid den ionduchtúchán agus den oiliúint seirbhíse custaiméara d'fhonn a chinntiú go dtuigfidh an fhoireann (*a*) an fáth a bhfuil beartas dátheangach á chur i ngníomh, (*b*) comhthéacs agus cúlra an bheartais sin, agus (*c*) an tslí a ndéanfaidh an beartas sin difear dá gcuid oibre.

44. Beidh rochtain éasca ag comhaltaí foirne tríd an Tairseach inmheánach ar fhaisnéis agus acmhainní teanga, mar shampla: treoirlínte, polasaithe, logainmneacha, foclóirí, srl.

45. Déanfar cnuasach de théarmaí Gaeilge a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do chomhaltaí foirne i gcomhlíonadh a ndualgas trí mheán na Gaeilge a sholáthar d'fhoireann iomlán STO agus déanfar nuashonrú air go tráthrialta.

L Aonad an Mhaoirseora

46. Féadfaidh na hUiséirí atá ábalta agus toilteanach seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge dóibh siúd a lorgaíonn iad an Fáinne a chaitheamh.

47. Oibreoidh STO chun a chinntiú go mbeidh turais ar Theach Laighean ar fáil sa dá theanga oifigiúla. Beidh oiliúint ar fáil do na hUiséirí Oireachtais chun iad a spreagadh chun feabhas a chur ar a gcuid scileanna teanga agus chun muinín a bheith acu astu.

48. Beidh an Córas Bainistithe Cuairteoirí i dTeach Laighean 2000 go hiomlán dátheangach.

M Acmhainní Daonna

49. Beidh sé mar phríomhthosaíocht ag Aonad Acmhainní Daonna na Seirbhíse cur le líon na gcomhaltaí foirne dátheangacha i Seirbhís Thithe an Oireachtais d'fhonn tacú le soláthar dátheangach seirbhísí. Is ar na bunseirbhísí do Chomhaltaí agus don phobal a dhíreofar i dtús báire.

N Tiontuithe Oifigiúla ar Achtanna an Oireachtais

50. Cuirfear moltaí Athbhreithniú Acmhainne seachtrach 2018 ar Rannóg an Aistriúcháin i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh acmhainn chuí ann chun tiontuithe oifigiúla ar Achtanna an Oireachtais a fhoilsiú.

51. Déanfar na tiontuithe oifigiúla go léir atá ar fáil ar Achtanna an Oireachtais a uaslódáil, a uasdátú agus a athbhreithniú i dtaisclann lárnach ar an ngréasán.

O Aiseolas agus Athbhreithniú

52. Déanfar athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na Scéime Teanga ar bhonn leanúnach agus soláthróidh an Príomh-Aistritheoir agus Príomhoifigigh eile a bhfuil freagrachtaí orthu faoin Scéim tuairiscí ina leith don Bhord Bainistíochta gach sé mhí.

53. Lorgófar agus fáilteofar roimh aiseolas ar fheidhmiú na Scéime ar bhonn rialta i rith ré na Scéime.

54. Dearbhaíonn STO go ndéanfar measúnú ar bhonn leanúnach ar leibhéal agus ar chineál an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge, chun a chinntiú go leanann an tSeirbhís den éileamh sin a chomhlíonadh ar shlí phleanáilte shoiléir.

An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú

Déanfar ábhar na Scéime seo, mar aon le gealltanais agus forálacha na Scéime, a phoibliú ar na modhanna seo a leanas:

- Preaseisiúint.
- Cuirfear in áit fheiceálach ar Shuíomh Gréasáin STO é.

Scaipfear an Scéim ar na Comhaltaí agus cuirfear cóip di chuig Oifig an Choimisinéara Teanga. Déanfar cóipeanna den Scéim a thabhairt freisin do na daoine/na heagraíochtaí sin a chuir aighneachtaí ar aghaidh chuig STO.